

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**Scrúduithe Sheimeastar I, 2005/2006**

Cód Scrúdaithe	ICF1
Scrúdú	Ard-Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach
Códmodúil	CF886
Modúl	Teilifís 1
Uimhir Pháipéir	1
Scrúdaitheoirí Inmheánacha	Pádraig Ó Héalaí Brian Ó Donnchadha Máirín Seoighe Seán Breathnach
Scrúdaitheoir Seachtrach	Pádraig Ó Gaora
Treoracha	Trí cheist le freagairt 15 marc.
Fad Páipéir	Trí huairé an chloig a cheadófar.
Líon freagarleabhar	3
Comhordaitheoir	Brian Ó Donnchadha

Trí cheist le freagairt, ceann ó Chuid 1, ceann ó Chuid 2 agus ceann ó Chuid 3.
Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist agus bíodh an Chuid marcáilte go soiléir air.

Cuid 1

1. Tá sé beartaithe agat iarratas a chur isteach chuig stáisiún teilifíse le clár faisnéise a dhéanamh atá bunaithe ar eachtra stairiúil a tharla i do cheantar dúchais.

Déan cur síos go mionchruinn ar na céimeanna éagsúla a bheidh le leanúint agus an t-iarratas á chur le chéile agat.

2. Tá agallamh 3-4 nóiméad ar fhad mar chuid lárnach de mhír teilifíse ar a bhfuil tú ag obair.

Déan cur síos ar an réamhléiriú a dhéanfa ar an agallamh sin (60%)

Agus

na treoracha a leanfa i do ról mar agallóir agus an t-agallamh á thaifeadadh. (40%)

Cuid 2

3. Mínigh go mion conas sraitheanna seatanna a thaifeadadh. (40%)

Agus

Pléigh an tábhacht atá ag sraitheanna seatanna i mír físe. (20%)

Agus

Déan tagairt den ról atá ag an gceamaradóir agus an stiúrthóir. (40%)

4. Déan cur síos ar mhodh éifeachtach chun scéal nuachta a thaifeadadh. (50%)

Céard iad na heilimintí agus na míreanna éagsúla atá ag teastáil chun scéal físiúil a léiriú? (25%)

Céard iad na deacrachtaí is mó a bhaineann le léiriú scéalta nuachta (25%)

Cuid 3

5. Déan cur síos beacht cruinn ar na sé eilimint a bhíonn ag teastáil chun eagarthóireacht éifeachtach a dhéanamh. Mínigh an tionchar atá aige ar píosa físe nuair nach bhfuil siad seo tugtha san áireamh le linn an phróiseas eagarthóireachta. (60%)

Agus

Déan cur síos ar trí mhodh éagsúla le hathrú ó seat amháin go seat eile. Bain úsáid as as clár scéal de do chuid féin chun do fhreagra a léiriú. (40%)

6. a) Bunaithe ar do thaithí fhéin agus an léitheoireacht atá déanta agat, mínigh conas agus cén fáth a n-oibríonn an gearradh físe. (20%)

6. b) Mínigh go mionn céard is brí le gearradh ar ghníomh (30%)

Agus

gearradh suíomh scáileanna. (30%)

6. c) Bunaithe ar fhís atá feice agat fhéin (taobh amuigh den rang), tabhairt dhá shamplaí de gach aon cheann agus léirigh iad i bhfoirm chlár scéal. (20%)